CLOIĊEANNAOLA

Bhí cruinniú Fine Gael i nGort a' Choirce, Dé Domhanigh seo caite, agus Pádraic Ó Domhnaill, T.D., i láthair. Bhí slua maith i láthair, agus pléadh fadhbanna na h-áite, agus gheall an Teachta Ó Domhnaill, féachaint faoi na gnóthaí a tógadh.

Tá na scoltacha uilig sa pharáiste ar oscailt taréis saoire an t-samhraidh, agus tá ábhar comhgháirdeachas do na scoláirí agus do na gcuid múinteoirí, as chomh maith agus a rinne scoláirí ón pharáiste ins na scrúducháin scoláireachta. Ar na scoltacha a bhfuair dáltaí uatha scoláireachta, bhí:— Caiseal na nGabhar, Cnoc na Naomh agus Mín Doire. Tá Mean-Scoil Muire na nAingeal, ar an Fhalcharrach, ar oscailt chomh maith, agus tús na seachtaine seo, d'oscail an Mean-Scoil nua, do bhuachaillí, ag Baile Chonaill, agus tá ós cionn dachad buachaillí ansin cheana féin.

Bhí cuid mhaith stoc ar tairiscint ar aonach Gort a' Choirce, an t-seachtain seo chaite, ach bhí na luacha anuas, agus deir cuid mhaith do na feilméaraí nach raibh siad sásta leo. Níor díoladh mórán eallach, agus bhí na caoirí anuas fosta. Is buille trom de na feilméaraí é seo, nó bhíothar ag súil le margadh maith, agus luach maith fosta.

Abhar buartha insan pharáiste, agus taobh amuigh de, bás tobann, Seán Mac Aodha, Sruthán. Ní raibh sé ach 51 bliana d'aois. Ní raibh an t-sláinte go maith aige le tamall, ach tháinig a bhás tobann go maith sa deireadh. Fear ciúin ab ea é, a raibh árd mheas air, agus a bhí 'na dhuine uasal i gcónaí. Bhí sé cineálta carthannach, agus árd mheas ag gach duine air. Caitliceach maith a bhí ann, agus beifear buartha fá'n bhás. Níthear comhbhrón lena dheirfiúr Beala. Chuaigh tórramh mór leis go Reilig Naomh Muire, Gort a' Choirce, Dé Sathairn, an áit ar dhúirt an t-Athair Ó Breisleáin, S.C., na paidreacha ag an uaigh.

Cailliúint den pharáiste go bhfuil Éamonn Ó Dubhcháin, O.S., Druim na Tine, Falcarrach, imithe go Meiriceá. Beithfear buartha ina dhéidh anseo. Ceapadh Seán Ó hAircín, O.S., go Scoil Mín Deire, ina ionad.

De bhárr cainteanna a rinne S. Mac Ruaidhrí, Co.C., tá Comhairle Co., Dhún na nGall, ag ullmhúpleananna le scéim uisce Ghort a' Choirce a leathnú chuig lucht tithe i mBaile Fearann, Caoldrom.

Níor tháinig mórán de aimsir fómhair go fóill, agus tá cuidmhaith den fhómhar gan baint. Leis an aimsir bhriste, tá cuid de na daoine ag cur isteach an ama ar na bachtaí agus ag tabhairt abhaile na móna.

Ar dhaoine a thug cuairt ar Chloichcheannaola an samhradh seo, bhí An Dr. Mac Néill, S.P., Newcastle, Sasanna; beirt Sagart, deartháracha, do Seosamh Ó Cléirigh, agus Seán Ó Canainn, as Clochcheannaola, a tháinig na bhaile ar saoire taréis 39 bliana ins na Stáit Aontaithe. Tá Teach Ósta Mhic Pháidin lán go maith go fóill.

Deardaoin—4.0, Racing: Carroll Handicap Hurdle. 5.1, Amhrain do Phaisti. 5.15, Magic at the Races. 5.30, Wild and Woolly. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Question Time in Cork. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Casuir. 8.01, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, The Morning Suit. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Thanks For The Memory. 10.45, Recital.

Dé hAoine—5.1, A Concert from Granard. 5.30, More William. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, A Tribute to John McCormack. 8.1, Irish Dance Music. 8.15, A Munster Journal. 8.45, O Mha na gCaor go Huron. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Turas Fa Inse Gall.

Dé Sathairn—4.0, Racing: Irish St. Leger. 4.15, The R-E-L-O Show. 5.1, Accordion Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Reacaireacht an Riadaigh. 7.45, Ar an mBothar Dom. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, Not So Green. 9.1, Concert Hall. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 11.30, Morning Service. 12.30, Hebridean Journey. 1.0, Not So Green. 1.35, Provincial News Round Up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, All-Ireland Camogie Final: Tipperary v. Dublin. 4.40, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Anything Goes. 8.0, The Years of the Great Test. 8.30, National Hurling League Final—1st Leg: New York v. Tipperary. 10.0, Newspoint. 10.20, News. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luan—5.01, Out of Doors. 5.15, Songs With Guitar. 5.30, More William. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Question Time in Cork. 8.1, Ceolta Ceilteacha. 8.30, Travellers' Tales. 8.45, Poetry Review. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Late But Light. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart — 5.01, Irish Dance Music. 5.15, Magic at the Races. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Smile and the Tear. 8.1, Angels and Ministers of Grace. 8.30, Miriam Lucas. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Near Aughrim's Slopes.

Dé Ceadaoin — 3.55, Soccer :— European Championships Cup: A.S.K. Vorwaerts of East Berlin v. Drumcondra. 5.45, Records For Children. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall To-night. 7.30, Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, The Theatre Festival 1965. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

ceaṫrú rua

Osclaíoḋ scoil náisiúnta nua, ag Tuairín, Ceaṫrú Rua, Diardaoin na seaċtaine seo caite. Scoil Naoṁ Muire is ainm dó, agus is scoil nua-aoiseaċ go dtí an pointe deireanaċ í. Tá sí tógṫa in áit scoile ceiṫre - seomra a tógaḋ beagnaċ 100 bliain ó ṡin. Ċosain an scoil nua, scoil ċúig-seomra, £30,000 agus ċoisreac an tAṫair Goduin é mar ionadaí do Árd Easpag Ṫuama, naċ raiḃ ionann a ṫeaċt. Ċuir an t-Árd Easpag teaċtaireaċt ċomġáirdeaċas agus dea-ġuí don scoil.

Déanfaiḋ an scoil úr freastal ar 216 scoláirí. Sé an tAṫair Godwin, Sagart Paráiste, Ceaṫrú Rua, a léiġ an tAifreann sa scoil, ċom maiṫ. Príoṁ - ċigire Bunscoile, Dónall Ó hUallaċáin, ṫar ceann an Aire Oideaċais, Seoirse ÓColla, a d'oscail an scoil go h-oifigiúil.

Dúirt an tAṫair Godwin gur lá mór é do ṗobal Ċeaṫrú Rua, lá a raiḃ siad ag fanaċt leis le fada a lá. D'oibriġ siad go crua le scoil nua a ṫógáil, agus anois, nuair a d'aṁarc siad ar scoil ċom breá sin, ṫuig siad gur ṁaiṫ ab' ḟiú an obair a rinneaḋ. Dúirt sé gur ṁaiṫ leis buíoċas ar leiṫ a ġabáil leis an Roinn Oideaċais, as an có-oibriú agus as an airgead leis an scoil a ṫógáil. Ġaḃ sé buíoċas ansin leis na daoine eile go léir a ċabraiġ, agus ċuir sé fáilte roiṁ na h-oifigiġ agus roiṁ an bpobal a ṫáinig ċuig an beannú agus oscailt. Dúirt an príoṁ - ċigire, D. Ó hUallaċáin, gur ṁaiṫ le Oifigiġ Roinn an Oideaċais, buíoċas a ġabáil leis an Aṫair Godwin as an cúnaṁ a fuair siad uaiḋ. Ba é an tAṫair Godwin a ḃí mar ṫreoraí ar an gnó ar fad, ó ṫús, agus gan an tiomáint agus an fuinneaṁ a ċur sé ann, ní ḃeaḋ sé déanta ċoiċe. Labair Caṫaoirleaċ Bord na nOibreaċa Poiblí, ċom maiṫ, agus Ailtire an Ḃoird. Ar na daoine eile i láṫair, ḃí C. Ó Doṁnallán, Ailtire Réagúnaċ Bord na nOibreaċa Poiblí, Uinsean Ó Néill, Ailtire Roinne, agus Seán Mac Eoċagáin, T.D., Cárna. Séamas Farragher ⁊ Co., Teo., Tuaim, a ṫóg an scoil.

craoḃ cluicí ċoláiste cróna

B'iad seo na foirne a ḃain na craoḃ cluiċí i gColáiste Cróna i mí Lúnasa:

iománaíoċt (Sinnsear)

1, Pádraig Mac Daiġn (Co. an Dúin); 2. Pádraig Mac Conartaiġ (Caḃán); 3, Gearóid Ó Laoi (Iarṁiḋe); 4, Niall Ó Sioradán (Ceanannus Mór); 5, Séamas Mac an Girr (Dún Dealgan); 6, Tomás De Ḃall (An Uaiṁ); 7, Labras Ó Loingsiġ (Mullaċ, Caḃán).

iománaíoċt (Sóisir)

1. Seosaṁ Hilliard (Baile Áṫa Cliaṫ; 2, Seán Ó Caṫain (Ceanannus Mór); 3, Séamas Mac Giolla Easpaig (Dún na nGall); 4, Tomás Breaṫnaċ (Baile Áṫa Cliaṫ); 5, Séamas Ó Cuinn (Taṁnaċ a' tSalainn); 6, Torlaċ Mac Ruairí (Taṁnaċ a' tSalainn); 7, Éanna Ó Ceallaċáin (Cealla Beaga).

camógaíoċt

Caitlín Ní Loingsiġ (Ceanannus Mór); Mimi Nic Gearailt (Baile Áṫa Cliaṫ); Celine Ní Ḋálaiġ (Árd Ṁaċa); Lilín Ní Raġallaiġ (Árd Ṁaċa); Deirdre Ní Rúnaí (Árd Ṁaċa); Eiḃlín Ní Gríofa (Roscomáin); Eiḃlín Ní Ċearnaiġ (Baile Áṫa Cliaṫ).

cois ḟarraige

Tá an samraḋ beagnaċ ṫart, agus na cuairteoirí go léir imiṫe. Ar ḋream eile a ċaiṫeann an samraḋ san taoḃ tíre seo. aċ ní hé ar foġlaim Gaeilge, na tincéaraí, nó "na taistealaiṫe." Tá siad bailiġ leo anois, níos fuide soir, leis an ġeiṁreaḋ a ċaiṫeaṁ ansin. Ċun na mbaile mór a ṫéann siad don ġeiṁreaṁ, 'deirtear.

Is dóiġe gurb' í scoil na Ceaṫrúin Ruaiḋe, an scoil is mó i gceantar ar biṫ taoḃ amuiġ de na bailte móra. Tá naonṁar múinteoirí ag obair innte faoi láṫair. triúr fear agus seisear ban. Miċeál Ó Nualláin, B.A., príoṁ-oide scoil na mbuaċaillí, agus Bean Uí Ċolċuain, Bean Uí Ċuinneagáin, Bean Uí Ḋoṁnaill agus Iníon Ní Flaṫarta, i mbun scoileanna na gcailíní. Is cinnte gurb í seo an scoil is mó sa nGaeltaċt. agus b'ḟéidir gurb í an scoil tuaiṫe is mó dá bfuil in Iarṫar na hÉireann ċom maiṫ.

Tá an aimsir go réasúnta le tamall anuas don Ḟómar, agus tá an ċuid is mó den Ḟómar sábáilte, aċ, tá caint ann naċ mbeiḋ na fataí ċom maiṫ, táṫar ag casaoid go bfuil siad ag lobaḋ ċeana féin. Ḃuail an duḃaċan na barranna an lua. Tá páirceanna móra dóiḃ agus ḋuḃ siad ar fad in aon lá aṁáin. Easpa spray adeirtear, is ciontaí le h-iad imeaċt ċom tapaí.

Tá glaoċ an ṁór ar ḟeamainn insan ċeantar seo anois, agus na lorraiṫe ar na bóiṫre ċuile lá ag tarraingt go dtí monarcain atá scaipṫe ar fud ċósta an Iarṫair. Tá saoṫrú maiṫ leis an ḟeamainn. ní hé aṁáin ins na monarcain, aċ dá bailiú agus dá iompar ċucu.

oiléan árann

Cúis ṁór bróin in Oileáin Árann, agus in Inis Mór go speisialta an scéala gur éag Seán Ó Coinceannáin, B.E., Lios Aonġus, Cill Rónáin. Ba as Inis Mór é, agus ní raiḃ sé aċ in aois a 43 bliana. agus ḃí árd-ṁeas air féin agus ar a ṁuintir in Árainn. Fuair sé a ċuid oideaċais i gColáiste Naoṁ Iognáid, Gaillim, ⁊ i gColáiste Pádraig, Droimconnraċ, aċ 'na ḋéiḋ sin ṫáinig sé go Coláiste Iolscoile na Gaillime, áit ar ġlac sé céim innealtóra. Na ḋéiḋ sin, ḃí sé ag obair le Comairle Co. na Gaillime, agus na ċónaí ar Ḃóṫar na Rinne Móire, agus ag an am seo, ḃí sé 'na aisteoir i dTaiḃdearc na Gaillime, agus cliú mór air mar aisteoir. Roinnt blianta ó ṡin, ġlac sé seilḃ ar an Lios Aonġus, teaċ ósta in Inis Mór, agus ċuaiġ sé a' ċónaí ansin. Ḃí sé na ḃall de Ċumann na n-Innealtóirí, Brainnse an Iarṫair, ḟad agus ḃí sé ag obair leis an Comairle Ċondae. Níṫear coṁḃrón le n-a ḃeanċéile, Máiréad, agus a iníonaċa, Máire, Fionnuala agus a ṁac, Aonġus, agus lena aṫair agus a ṁáṫair Tomás agus Bean Uí Ċoinċeannáin, Inis Mór, ċom maiṫ lena deartáraċa agus deirfiúraċa. Tugaḋ an corp ón Ospidéal i nGaillim go dtí Árd Teampall na Gaillime, tráṫnóna Dé Ceadaoine agus ċuaiġ an soċraid ó ṡin go dtí an reiliġ nua i nGaillim, taréis Aifreann sollúnta na marḃ, ar an Diardaoin. Ḃí ionadaiṫe an ċléir, agus maiṫe agus uaisle na caṫraċ agus na condae i láṫair ag an soċraid.

BÉAL ÁTHA 'n GHAORTHADH

Do ḃí ana lá anso lá an seó an tseaċtain seo caite. Ḃí an tsráid agus na tiṫe maisiṫe go breá ⁊ cuma gleoiṫe ar gaċ rud agus b'ḟada ó conaċtas oiread de slua agus a ḃí ann ó ṁeán lae—ḃiodar ann ó 'ċaon taoḃ de Corcaiġ Ṫiar agus aniar as Ciarraí. Ḃí ana taisbeantas de ainmiṫe, capaill, eallaċ. caoiriġ, muca agus éanlaiṫ. Ḃí comórtaisí ar teannaḋ caoraċ agus cócaireaċt Coṁġáirdeaċas leis an gCoiste agus go háiṫrid leis an gcaṫaoirleaċ, an tAṫair Liam Ó Réagáin agus an rúnaí, Conċuḃar Ó Cróinín.

Tá na scoláirí imiṫe anois agus an meánscoil ag obair arís. Ar fea míosa an tsaṁraiḋ meastar go raiḃ os cionn míle a ċaiṫ tréiṁse sa nGaoltaċt álainn seo, agus is táḃaċtaċ an ċaḃair é do eacnamaíoċt an ċeantair.

carna

Ḃí an t-áḋ ar ṫriúr fear as Cárna gur éiriġ le teaċt saor ón tubaist agus ón ḃáiteaḋ Dé hAoine seo caite. Ḃí an triúr acu, Macdara Ó Flaṫarta, a ṁac Miċeál agus mac eile san Mac Dara, ag iascaireaċt san "Bun Brusna." Ṫeip ar inneál an ḃáid gliomaí, agus siabaḋ an ḃád diaiḋ ar ndiaiḋ, suas ar na carraigeaċa, agus cuireaḋ poill ann. Ċonaic luċt an tráiléar "Ros Rónán" a ḃí ag iascaireaċt in aice leo, an baol ina raiḃ siad agus ṫáinig siad isteaċ agus ṫóg siad an triúr fear, agus beirt eile, Pádraic Mac Muiris, as Coláiste Iolscoile na Gaillime, a ḃí ag déanaṁ staidéar ar beaṫa mara, agus Seán de Búrca, as Baile Áṫa Cliaṫ. Taréis an cúigear fear a ṫógáil ar bord, rinne siad iarraċt líne a ċur ar an mbád gliomaċ, bád mór 30 troiġ, aċ ḃris an líne, agus go gearr na ḋiaiḋ sin, ṡuncáil an bád. Ṫug scipéar an "Ros Rónán" Máirtín Ó Flaṫarta, Inis Mór, Árainn, na fir a ṡábáil sé go Cárna, 15 míle ar ṡiúl ón áit ar ṫárla an taisme. Ní naċ ionaḋ, ḃí áṫas orṫa féin agus ar a muintir gur éiriġ leo teaċt slán, aċ is trom an ċailliúint mar sin féin, an bád gliomaċ a suncáileaḋ.

agus

"Léiṫeoireaċt gan dua gan dualgas" is fó-ṫiodal do "Agus" agus gan aṁras ar biṫ, seasann eagrán Meán-Ḟómair suas don fó-ṫiodal sin. Is tráṫúil an Eagarḟocal, "Beilg eile darḃ ainm di Éire" faoi cúrsaí creidiṁ agus teanga an Aifrinn, agus is maiṫ linn an deireaḋ atá ar an eagarḟocal: "Beartaíoċt le stuaim agus le tuiscint a ṫeastaíonn agus dá luaiṫe, sea is fearr." Is fíor é.

Tá "Linde" ar laeṫa saoire, aċ níor imiġ sí gan coṁarba ḟágáil na ḋéiḋ, agus is maiṫ an dréaċt é ar "Ag cúléisteaċt."

Aċ. sé an dréaċt is spéisiúla insan eagrán seo, nó an ceann ar Peadar Ó Conaill, an fear a scríoḃ an Foclóir Gaeilge i dtús na 19ú Aoise, an foclóir sin ar ḋúirt an duine uasal Dónall Ó Conaill, le Antoine Ó Conaill, gur amadán a ḃí ina uncail agus a ċuid ama a ċaiṫeaṁ le foclóir dá leiṫéid. Is beag duine go bfuil fios acu go raiḃ ceangal idir údar an ḟoclóra seo, Peadar Ó Conaill agus "An Cailín Bán."

Beiḋ nuaíoċt do ṁórán insan dréaċt ag Diarmad Ó Murċú (Seal Imeasc na Leaḃar) ag cur síos ar leaḃar Gaeilge 'A Primer of the Irish Language" a d'ḟoilsiġ College of St. Columba, Dublin, in 1845.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.